C/2024/5577

17.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11682 – UTMOST GROUP / LOMBARD INTERNATIONAL ASSURANCE HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5577)

1. An 6 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Utmost International Group Holdings Limited ('Utmost', an Ríocht Aontaithe). Tá Utmost ina chuid den Utmost Group, cuideachta punainne atá faoi rialú indíreach Brookfield Oaktree Holdings, LLC, atá é féin faoi rialú comhpháirteach indíreach Oaktree Capital Group Holdings GP, LLC, agus Brookfield Corporation,

— Lombard International Assurance Holdings S.à.r.l., ('Lombard', Lucsamburg), faoi rialú LIA HOLDINGS LIMITED ('Lia Holdings', an Ríocht Aontaithe) atá faoi rialú deiridh indíreach cistí atá á mbainistiú ag cleamhnaithe Blackstone Inc.

Gheobhaidh Utmost rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Lombard ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí gnó Utmost Group: (i) Utmost International (a sholáthraíonn táirgí árachais saoil do dhaoine aonair saibhir a bhfuil glanfhiúchas ard acu ('HNWI') agus do dhaoine aonair a bhfuil glanfhiúchas an-ard acu ('UHNWI'), agus sochair fostaithe trína ghnó Utmost Corporate Solutions); agus (ii) Utmost Life and Pensions (comhdhlúiteoir saoil speisialaithe sa Ríocht Aontaithe, dúnta do ghnó nua agus dírithe ar ghnólachtaí aistrithe riosca pinsin (i.e., bulcbhlianacht) a scríobh sa Ríocht Aontaithe amháin),

— Is soláthraí uile-Eorpach é Lombard ar réitigh pleanála rachmais, eastáit agus comharbais atá bunaithe ar árachas do HNWI agus UHNWI agus dá dteaghlaigh. Áirítear an méid seo a leanas ar na réitigh atá á dtairiscint san Aontas faoi láthair: (i) árachas saoil aonadnasctha aonphréimhe; chomh maith le (ii) conarthaí caipitlithe aonadnasctha aonphréimhe le haghaidh cónaitheoirí sa Bheilg, sa Fhrainc, san Fhionlainn agus i Lucsamburg; agus (iii) táirgí árachais saoil glanriosca san Fhionlainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11682 – UTMOST GROUP / LOMBARD INTERNATIONAL ASSURANCE HOLDINGS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË